Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Iúil 2018
(OR. en)

9932/1/18
REV 1 ADD 1 (ga)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0233 (COD)**

**FISC 260**
**ECOFIN 596**
**CADREFIN 99**
**CODEC 1014**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 443 final/2 - IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 2 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an clár 'Fiscalis' chun comhar a dhéanamh i réimse an chánachais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad

COM(2018) 443 final/2 - IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 2.

---

Faoi iamh: COM(2018) 443 final/2 - IARSCRÍBHINN 1 go hIARSCRÍBHINN 2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.6.2018
COM(2018) 443 final/2

ANNEXES 1 to 2

CORRIGENDUM
This document corrects document COM(2018) 443 final of 8.6.2018.
Concerns the Irish language version.
The title was not translated and has been corrected.
The text shall read as follows:

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an togra le haghaidh**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an clár 'Fiscalis' chun comhar a dhéanamh i réimse an chánachais**

{SWD(2018) 323 final} - {SWD(2018) 324 final}

## IARSCRÍBHINN 1

**Liosta neamh-uileghabhálach d'fhoirmeacha gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (d) den chéad fho-mhír d'Airteagal 7(2)**

Féadfaidh gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 7(2) a bheith sna foirmeacha seo a leanas, i measc nithe eile:

(a) Maidir le cruinnithe agus ócáidí *ad hoc* comhchosúla:

– Seimineár agus ceardlann, a bhfreastalaíonn gach tír orthu den chuid is mó ina ndéantar cur i láthair agus ina ndéanann rannpháirtithe dianphlé agus gníomhaíocht maidir le hábhar ar leith;

– Turas oibre, arna eagrú chun cur ar a gcumas d'oifigigh saineolas nó tuiscint ar bheartais chánach a fháil nó a mhéadú;

– Láithreacht in oifigí riaracháin agus rannpháirtíocht i bhfiosrúcháin riaracháin;

(b) Maidir le comhoibriú struchtúrtha:

– Grúpa tionscadail, comhdhéanta de ghnáth de líon teoranta tíortha, a bheidh oibríochtúil ar feadh tréimhse theoranta ama chun cuspóir atá réamhshainithe, a bhfuil toradh mionsainithe ag gabháil leis, lena n-áirítear comhordú nó tagarmharcáil, a shaothrú;

– Tascfhórsa, eadhon foirmeacha struchtúrtha comhair, de chineál buan nó neamhbhuan, a chomhthiomsaíonn a shaineolas chun tascanna i réimsí sonracha nó gníomhaíochtaí oibríochtúla a dhéanamh agus seirbhísí comhoibrithe ar líne, cúnamh riaracháin agus saoráidí bonneagair agus trealaimh mar thaca leis sin, b'fhéidir;

– Rialú iltaobhach nó comhuaineach, arb éard atá i gceist leis seiceáil chomhordaithe a dhéanamh ar an staid chánach i leith duine inchánach amháin nó níos mó lena mbaineann arna heagrú ag dhá thír nó níos mó, lena n-áirítear dhá Bhallstát ar a laghad, a bhfuil leasanna coiteanna nó comhlántacha acu;

– Iniúchadh comhpháirteach, arb éard atá i gceist leis seiceáil chomhpháirteach a dhéanamh ar an staid chánach i leith duine inchánach amháin nó níos mó lena mbaineann arna déanamh ag foireann iniúchóireachta amháin comhdhéanta de dhá thír nó níos mó, lena n-áirítear dhá Bhallstát ar a laghad, a bhfuil leasanna coiteanna nó comhlántacha acu;

– Aon fhoirm comhair riaracháin eile arna bunú le Treoir 2011/16/AE, Rialachán (AE) 904/2010, Rialachán (AE) 389/2012 nó Treoir 2010/24/AE;

(d) Maidir le gníomhaíochtaí i dtaca le fothú inniúlachtaí agus acmhainneacht an duine:

– Oiliúint choiteann nó forbairt na ríomhfhoghlama chun tacú leis na scileanna gairmiúla agus an t-eolas riachtanach i ndáil le cúrsaí custaim;

– Tacaíocht theicniúil, a bhfuil sé mar aidhm léi nósanna imeachta riaracháin a fheabhsú, feabhas a chur ar acmhainneacht riaracháin agus feidhmiú agus oibríochtaí riarachán custam a fheabhsú trí dhea-chleachtais a thionscnamh agus a chomhroinnt.

## IARSCRÍBHINN 2

**Táscairí**

Cuspóir sonrach: tacaíocht a thabhairt do bheartas cánach, do chomhar cánach agus d'fhothú acmhainneachta riaracháin, lena n-áirítear inniúlacht an duine agus córais leictreonacha Eorpacha a fhorbairt agus a oibriú.

**1. Fothú Acmhainneachta (acmhainneacht riaracháin, an duine agus TF):**

1. An tInnéacs maidir le Dlí agus Beartais an Aontais a Chur i bhFeidhm agus a Chur Chun Feidhme (Líon na ngníomhaíochtaí faoin gClár arna n-eagrú sa réimse sin agus moltaí arna n-eisiúint i ndiaidh na ngníomhaíochtaí sin)
2. An tInnéacs Foghlama (Na modúil foghlama arna n-úsáid; líon na n-oifigeach ar cuireadh oiliúint orthu; scór cáilíochta de réir rannpháirtithe)
3. Infhaighteacht córas leictreonach Eorpach (ó thaobh céatadán oibre de)
4. Infhaighteacht an Líonra Cumarsáide Choitinn (ó thaobh céatadán oibre de)
5. Nósanna imeachta TF simplithe le haghaidh na riarachán náisiúnta agus na n-oibreoirí eacnamaíocha (líon na n-oibreoirí eacnamaíocha cláraithe, líon na n-iarratas agus líon na gcomhairliúchán sna córais leictreonacha éagsúla arna gcistiú leis an gClár)

**2. Comhroinnt eolais agus líonrú:**

1. Innéacs Láidreacht an Chomhoibrithe (méid an líonraithe arna dhéanamh, líon na gcruinnithe aghaidh ar aghaidh, líon na ngrúpaí comhoibrithe ar líne)
2. An tInnéacs Dea-chleachtas agus Treoirlínte (líon na ngníomhaíochtaí faoin gClár arna n-eagrú sa réimse seo; céatadán na n-údarás cánach a bhain leas as cleachtas oibre nó as treoirlíne arna fhorbairt nó arna forbairt agus tacaíocht á fáil ón gClár)